



## CEART ACHAINÍ

Ó tháinig Conradh Maastricht i bhfeidhm, bhí sé de cheart ag gach saoránach de AE agus ag cónaitheoirí nádúrtha agus dlítheanacha uile na mBallstát achainí i bhfoirm gearáin nó iarrata, maidir le saincheist a thagann faoi réimsí gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh, a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa. Scrúdaíonn Coiste um Achainíochta na Parlaiminte na hachainíochta, a dhéanann cinneadh maidir lena n-inghlacthacht agus atá freagrach as déileáil leo.

### BUNÚS DLÍ

Airteagail 20, 24 agus 227 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus Airteagal 44 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

### CUSPÓIRÍ

Tá sé mar aidhm leis an gceart achainí modhanna simplí a chur ar fáil do shaoránaigh agus do chónaitheoirí AE chun teagmháil a dhéanamh leis na hinstitiúidí Eorpacha maidir le gearáin nó iarrataí ar ghníomhaíocht.

### A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** Incháilitheacht agus ceanglais (Airteagal 227 CFAE).

Tá ceart achainí ag aon saoránach den Aontas agus ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil cónaí air nó a bhfuil oifig cláraithe aige i mBallstát, ar bhonn aonair nó i gcomhar le daoine eile.

Chun bheith inghlactha, ní mór go mbainfeadh na hachainíochta sin le hábhair a thagann faoi réimsí gníomhaíochta AE agus a dhéanann difear go díreach do na hachainígh. Tugtar léirmhíniú an-leathan ar an gcoinníoll deireanach.

**B.** Nós imeachta

Leagtar síos an nós imeachta lena ndéileáiltear le hachainíochta i Riail 226 go Riail 230 de, agus in Iarscríbhinn VI (XX) a ghabhann le Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte, ina leagtar freagracht den sórt sin ar choiste parlaiminteach, an Coiste um Achainíochta.

**1.** Inghlacthacht fhoirmiúil

Ní foláir ainm, náisiúntacht agus seoladh gach aon achainíoch a lua sna hachainíochta agus iad a bheith scríofa i gceann amháin de theangacha oifigiúla AE. Is féidir iad a



chur síos go leictreonach nó trí Thairseach Ghréasáin Achainíocha na Parlaiminte nó ar pháipéar tríd an bpost.

## 2. Inghlacthacht ábhair

Déantar na hachainíocha a chomhlíonann na ceanglais fhoirmiúla sin a tharchur chuig an gCoiste um Achainíocha, ina gcaithfear cinneadh a dhéanamh ar dtús cibé an bhfuil siad inghlactha. Déanann an coiste é sin trína chinntiú go dtagann ábhar na n-achainíocha faoi réimsí gníomhaíochta AE. Murar amhlaidh an cás, dearbhaítear nach bhfuil an achainí inghlactha. Cuirtear an cinneadh agus cúiseanna an chinnidh in iúl don achainíoch. Moltar go minic d'achainígh teagmháil a dhéanamh le comhlacht eile náisiúnta, AE nó idirnáisiúnta. Ar na príomhchúiseanna a dhearbhaítear nach bhfuil achainíocha inghlactha, ní dhéanann achainígh idirdhealú idir AE agus na Ballstáit agus idir comhlachtaí agus eagraíochtaí eile idirnáisiúnta (amhail na Náisiúin Aontaithe agus Comhairle na hEorpa), maidir le hinniúlachtaí, freagrachtaí agus féidearthachtaí chun gníomhaíochta agus sásaimh, lena n-áirítear i ndáil le hinfheidhmeacht Chairt um Chearta Bunúsacha AE.

## 3. Achainíocha a scrúdú

Ag brath ar na himthosca, féadfaidh an Coiste um Achainíocha ceann amháin nó níos mó de na gníomhartha seo a leanas a dhéanamh:

- a iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach réamhscrúdú a dhéanamh ar achainí agus faisnéis a chur ar fáil maidir le reachtaíocht ábhartha AE a bheith á comhlíonadh;
- an achainí a chur faoi bhráid coiste eile de chuid na Parlaiminte le haghaidh faisnéis nó gníomhaíocht bhreise (d'fhéadfadh coiste, mar shampla, achainí a chur san áireamh ina chuid gníomhaíochtaí reachtacha);
- má bhaineann an achainí le cás sonracha lena n-éilítear aird aonair, féadfaidh an coiste teagmháil a dhéanamh leis na hinstiúidí nó na húdaráis iomchuí nó idirghabháil a dhéanamh trí ionadaíocht bhuan an Bhallstáit lena mbaineann chun réiteach a fháil ar an gcás;
- aon ghníomh eile a dhéanamh a mheastar a bheith oiriúnach chun iarracht a dhéanamh an tsaincheist a réiteach nó chun freagairt oiriúnach ar an achainí a sholáthar.

Cinneann an coiste freisin cibé ar cheart achainíocha a áireamh ar chlár oibre a chruinnithe. Sa chás sin, tugtar cuireadh don achainíoch, don Choimisiún agus d'ionadaithe an Bhallstáit. Ag an gcruinniú sin, cuireann an t-achainíoch a n-achainíocha i láthair, tugann an Coimisiún a thuairim ó bhéal ina leith agus tráchtann sé ar a fhreagra i scríbhinn do na saincheisteanna a tarraingíodh anuas san achainí agus féadfar a iarraidh ar ionadaithe na mBallstát labhairt ag an gcruinniú. Bíonn an deis ansin ag Comhaltaí an Choiste um Achainíocha tuairimí a mhalartú maidir le saincheisteanna a tarraingíodh anuas le linn na díospóireachta agus moltaí a thabhairt i dtaobh gníomhaíochtaí breise a bheidh le déanamh ina leith.

I gcásanna sonracha, féadfaidh an coiste cinneadh a dhéanamh éisteacht nó ceardlann a reáchtáil, cuairt aimsithe faisnéise a thabhairt ar an tír nó ar an réigiún lena mbaineann, tuarascáil mhisin a ghlacadh ina mbeidh a bharúlacha agus moltaí luaite,



nó tuarascáil iomlán a ullmhú agus í a chur faoi bhráid na Parlaiminte le haghaidh vóta sa suí iomlánach. Féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh freisin ceisteanna ó bhéal a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus/nó na Comhairle agus díospóireacht a thionól sa suí iomlánach.

Má bhaineann achainí le hábhar leasa choitinn lena nochtar trasuí mícheart nó dlí AE á chur i bhfeidhm go mícheart, féadfaidh an Coimisiún gníomhaíocht a thionscnamh leis an mBallstát atá i gceist, lena n-áirítear trí nósanna imeachta um shárú.

#### 4. Dúnadh

Féadfaidh an coiste achainí a dhúnadh ag céimeanna éagsúla den nós imeachta, amhail tar éis don choiste cinneadh maidir le hinghlacthacht a dhéanamh, tar éis an t-ábhar a phlé i gcruinniú coiste, nuair nach féidir aon ghníomhaíocht bhreise a dhéanamh ina leith, nuair a dhéanann achainíoch an achainí a tharraingt siar, nó nuair nach dtugann an t-achainíoch freagairt laistigh de sprioc-am áirithe.

#### 5. Trédhearcacht

Beidh achainíocha a thíolacfar chuig an bParlaimint ina ndoiciméid phoiblí. Foilsítear achoimrí d'achainíocha, chomh maith le gach doiciméad ábhartha eile, i dteangacha oifigiúla uile AE ar Thairseach Ghréasáin Achainíocha na Parlaiminte, tar éis don Choiste um Achainíocha cinneadh a dhéanamh maidir le hinghlacthacht.

Cuireann an coiste in iúl don achainíoch i scríbhinn na cinntí uile a rinneadh maidir lena n-achainí agus na cúiseanna a bhaineann leis na cinntí sin, agus cuirtear an fhaisnéis agus an doiciméadacht ábhartha ar fáil don achainíoch i gcás inarb iomchuí a luaithe a bheidh na cinntí ar fáil.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

De réir na gConarthaí, is í an Pharlaimint an seolaí d'achainíocha agus is uirthi dá réir sin atá an fhreagracht a áirithiú go gcuirtear san áireamh ina n-iomláine in AE na hábhair imní a chuirtear in iúl sna hachainíocha sin. Chun an méid sin a chur i gcrích ar an mbealach is fearr is féidir, cuireadh de chúram ar choiste tiomnaithe, an [Coiste um Achainíocha](#), déileáil le hachainíocha agus gníomhaíochtaí leantacha na hinstiúide a chomhordú. Mar a tugadh chun suntais ina tuarascálacha bliantúla maidir le pléití an choiste an bhliain roimhe sin<sup>[1]</sup>, mheas an Pharlaimint riamh gur eilimint ríthábhachtach de dhaonlathas rannpháirteach iad achainíocha. Leag sí béim freisin ar a dtábhacht i dtaca le cásanna ina nochtar trasuí mícheart agus dlí AE á chur i bhfeidhm go mícheart ag Ballstáit. Go deimhin, lean gníomh polaitiúil nó reachtach, cásanna píolótacha AE, réamhrialuithe nó imeachtaí um shárú as roinnt achainíocha. Tá an Coiste um Achainíocha go háirithe gníomhach i réimsí na gceart bunúsach (lena n-áirítear cearta leanaí, idirdhealú, cearta mionlach, ceartas, saorghluaiseacht, cearta vótála, Brexit), an comhshaol agus leasa ainmhithe, an margadh inmheánach, cearta sóisialta, an imirce, comhaontuithe trádála agus an tsláinte phoiblí. Tá ról speisialta

---

[1]Áirítear faisnéis maidir le líon na n-achainíocha a fuarthas, a bhformáid, stádas, toradh, tír, teanga, náisiúntacht agus ábhar sna tuarascálacha bliantúla maidir le pléití an Choiste um Achainíocha; an tairseach ghréasáin; caidreamh leis an gCoimisiún, leis an gComhairle agus leis an Ombudsman; cuairteanna aimsithe faisnéise, éisteachtaí poiblí, staidéir arna gcoimisiúnú agus príomh-shaincheisteanna breise.



ag an gCoiste go háirithe i dtaca le cosaint a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumais laistigh de Chreat AE do chur chun feidhme Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumais, agus eagraíonn sé ceardlann ar shaincheisteanna a bhaineann le míchumais ar bhonn bliantúil. Áirítear uile, cuairteanna aimsithe faisnéise, éisteachtaí poiblí, coimisiúnú staidéar, bunú Líonra na nAchainíochas in 2016 lena n-áirithítear comhar níos dlúithe i measc coistí a dhéileálann le hachainíochas, agus comhar agus caibidlíocht le parlaimintí agus údaráis náisiúnta, mar aon le hinstiúidí eile AE (go háirithe an Coimisiún agus an tOmbudsman Eorpach), mar ionstraimí chun a áirithiú go dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna a tharraingítear anuas in achainíochas agus go ndéantar iad a réiteach. In 2014, rinne an Pharlaimint [Tairseach Ghréasáin na nAchainíochas](#), a sheoladh freisin inar cumasaíodh poiblíocht agus trédhearcacht níos dlúithe agus níos fearr i ndáil le hachainíochas, mar aon le rannpháirtíocht agus idirghníomhaíocht na saoránach agus na gcónaitheoirí nádúrtha agus dlítheanacha le AE<sup>[2]</sup>.

Ottavio Marzocchi  
12/2020

---

[2]Chun tuilleadh eolais a fháil ar an gCoiste um Achainíochas agus ar a chuid gníomhaíochtaí, féach [A bhfuil baint amach ag an gCoiste um Achainíochas le linn théarma parlaiminteach 2014-2019 agus na dúshláin don todhchaí](#).

